

Polasaí Scoil Raifteirí do Thinreamh Scoile: (Acht Oideachais (Leas), 2000)©

Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais/National Educational Welfare Board: Athrú ainm go TÚSLA 2015.

Eolas do thuistí sa Dialann Scoile-20 lá cailte-freagracht ar an scoil tuairiscú.

Sainmhiniú: Is éard atá i gceist le tinreamh maith a i spreagadh i measc na páistí scoile ná tacú leis an oideachas sa bhaile, ar scoil agus sa phobail. Ní neart go cur le chéile!

1. Go ndéanaimid ár ndícheall mar phobail scoile na leanaí a spreagadh le freastal ar an scoil gach lá, go mbeadh siad in am, go mbeadh siad réitithe ó thaobh éide, leabhair, lón, agus rí. ag na tuistí, go mbeadh siad réidh chun dul i ngleic leis an fhoghlaim a tharláinn faoi stiúir na hoidí ranga.
2. Go nglacfaidh teaghlaigh freagracht as oideachas a bpáistí, go ndéanfar cinnte go bhfreastalóidh gach leanbh ar scoil.
3. I gcás go bhfuil tacaíocht de chineál ar bith uathu, go ndéanaimid ár ndícheall cuidiú leo ionas go mbainfidh siad gach leas gur féidir leo as an oideachas. Mar scoil go dtugaimid gach tacaíocht do na tuistí ionas go dtiocfaidh na páistí ar scoil gach lá agus go dtarlóidh foghlaim.
4. Go ndéanaimid ár ndícheall na páistí a speagadh le fanacht san oideachas príomhshrutha agus dul chun chinn a dhéanamh ann chomh maith le fás agus forbairt mar dhuine maith.
5. Go mbeidh an tagairt déanta don pholasaí seo sa Dhialann Scoile faoin 20 lá mar eolas do phobal na scoile, agus na páistí le tinreamh maith, nó feabhas a mhisniú leanacht ar aghaidh.
6. Dul i ngleic leis an páipéarachas mar gheall ar thuairisciú faoi laethanta cailte, tríd córas Aladdin a chur i bhfeidhm i ngach rang, ionas gur leis an scoil tuairisciú chuig TÚSLA, litreacha eolais a chur chuig na tuistí bainteach, chun ár cníollacha dlíthiúla scoile a chomhlíonadh mar is ceart.

TÚSLA: Eanáir 2015: is féidir le múinteoir, príomhoide nó duine ar bith eile atá buartha go bhfuil páistí ag cailleadh inmorcha laethanta scoile scéal a sheoladh chuig TÚSLA. Líontar seiclíosta agus tuairisc isteach ar pháipéar, coinnítear cóip agus seoltar é go díreach chuig EWO. Páipéarachas ar fáil san oifig.

Na Dúshláin do thuistí agus a bpáistí chun tinreamh maith a bhaint amach:

- Téacs ón scoil chuig na tuistí le cur i gcuimhne do thuistí go bhfuil 15, 18, laethanta cailte.
 1. Tinneas
 2. Aimsir
 3. Taisteal

Páiste Mall ag teacht isteach ar scoil:

Níl aon mhilleáin ar an bpáiste. Cuirtear ceist orthu go ciúin faoi fáth a bheith déanach. Ar an triú uair, déantar coinne le na tuistí le fáil amach céard é an chúis, agus an féidir leis an scoil aon tacaíocht a thabhairt don tuiste ms. An bhfuil bus ar fail? Nó aon tacú eile? Comhoibriú leis an tuiste atá ag téastáil chun an fhadhb a réiteach.

DAOINE MALLA

1. I gcás go bhfuil daoine mall, is fearr labhairt leo go beasúil i dtús báire, lena n-áirde a dhírú air, agus le seans a thabhairt dóibh an scéal a thabhairt.
2. Ar an dara uaire, is fearr moladh a thabhairt ar mhaithe leis an oide/páiste/scoil is fearr bheith poncúil, agus deá-nos a thosnú, ach gan an pháiste a náiriú faoi. Is fadhb tuismitheora í seo.
3. Ar an tríú uaire, is cóir labhairt leis an tuiste faoin mbealach go bhféadfadh an scoil tacaíocht a thabhairt dóibh bheith in am ar maidin. B'fheidir bus scoile a mholadh. Níl sé féarálte ar an bpáiste.
4. Moltar nóta den am ar maidin a choinneáil nó táilte tríd an chóras Aladdin a úsáid.

Aitheantas Scoile:

Córas Scoile: Méid laethanta freastal a dhéanann an pháiste cláraithe ar Tuairiscí Scoile an pháiste agus ag Cruinnithe Múinteoirí agus Tuismitheoirí déanann oidí tagairt do thinreamh scoile agus poncúlacht scoile de réir gá é a luadh do na tuismitheoirí. Cláraítear asláithreachtaí agus moilltheacht teacht ar scoil ar Aladdin agus iarrann an oide ranga comhoibriú ó na tuistí ar mhaithe le dul chun cinn na páistí sa chóras scoile. 'Tús maith...' agus 'Mol an óige...sí'

Is cúis áthais é don scoil Teastais Sármhaitheasa a bhronnadh ar na bpáistí sa chéad téarma scoile.

1. Aitheantas Óir mar aitheantas ar thinreamh sármhaithe a bhaint amach i rith na scoilbhliana.
2. Aitheantas Airgid mar aitheantas ar bharr feabhais tinrimh i rith na scoilbhliana.

Aitheantas Náisiúnta:

Fómhair 2012: Ríomhpoist a sheoladh chuig: awards@newb.ie le huimhir na rolla na scoile, sonraí an duine óig, aois agus sonraí na gnóthachtála ó thaobh tinrimh de. Roghnóidh an Bord roinnt de na daltaí sin chun freastal ar ócáid náisiúnta.

